Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Meitheamh 2026 (OR. en)**

**10536/26**

**CCG 24**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9382/1/26 ADD 1; 9382/1/26 ADD 1 COR 1 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le creidmheasanna onnmhairiúcháin |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo na Conclúidí ón gComhairle maidir le creidmheasanna onnmhairiúcháin, mar a d'fhormheas an Chomhairle (Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais) iad ag an 4181ú cruinniú a bhí aici an 12 Meitheamh 2026.

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

1. Teachtaireacht uileghabhálach

   a. LEAGANN SÍ BÉIM AR ról lárnach na gcreidmheasanna onnmhairiúcháin a dtacaítear leo go hoifigiúil maidir le cuspóirí straitéiseacha an Aontais Eorpaigh a chur chun cinn, lena n-áirítear iomaíochas tionsclaíoch, an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach, athléimneacht, slándáil soláthair amhábhar criticiúil agus dlús a chur le teicneolaíochtaí straitéiseacha. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá creidmheasanna onnmhairiúcháin a dtacaítear leo go hoifigiúil chun ár gclár oibre trádála agus comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta a chur chun cinn[1] agus chun a chur ar chumas chuideachtaí an Aontais dul san iomaíocht le haghaidh conarthaí agus tionscadail go hidirnáisiúnta, nuálaíocht a spreagadh, agus poist agus fás a dhaingniú ar fud na mBallstát.

   b. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil gá, mar gheall ar an ngeilleagar domhanda agus an tírdhreach geopholaitiúil atá ag athrú go tapa, le gníomhaíocht láidir ghasta chomhordaithe ón Aontas chun na cuspóirí straitéiseacha sin a bhaint amach, trí chóras an mhaoinithe onnmhairiúcháin phoiblí san Aontas a neartú chomh maith leis na creataí iltaobhacha lena rialaítear creidmheasanna onnmhairiúcháin a dtacaítear leo go hoifigiúil.

   c. ATHDHEARBHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé córas iltaobhach riailbhunaithe a chaomhnú chun trádáil agus iomaíocht chóir chothrom a áirithiú do ghnólachtaí an Aontais sna margaí idirnáisiúnta.

---

[1] Gealltanas Sevilla, an Ceathrú Comhdháil Idirnáisiúnta um Maoiniú Forbraíochta, 2025, lena spreagtar '*comhar agus ailíniú níos fearr idir gníomhaireachtaí creidmheasa onnmhairiúcháin, bainc forbartha iltaobhacha agus gníomhaithe airgeadais eile chun éifeachtúlacht agus tionchar an chaipitil phoiblí a fheabhsú, go háirithe i bhfianaise na srianta airgeadais atá ag dul i méid.*'

d. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart don Aontas a bheith ar thús cadhnaíochta i ndáil le Socrú ECFE maidir le Creidmheasanna Onnmhairiúcháin a dTacaítear leo go hOifigiúil ('Socrú ECFE') a chur in oiriúint do chúrsaí eacnamaíocha an lae inniu chun ábharthacht an tSocraithe a áirithiú, chun cothrom iomaíochta a chur ar fáil d'onnmhaireoirí an Aontais agus feabhas a chur ar an iomaíochas le neamh-Rannpháirtithe i Socrú ECFE.

e. AITHNÍONN SÍ an obair a thosaigh an Coimisiún agus na Ballstáit ar ról an mhaoinithe phoiblí onnmhairiúcháin a neartú in ollstruchtúr airgeadais an Aontais, agus DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI an plé agus na torthaí a d'eascair as an dara comhdháil ardleibhéil maidir le comhordú feabhsaithe uirlisí airgeadais seachtracha an 1 Deireadh Fómhair 2025.

f. IARRANN SÍ go ndéanfaí gníomhaíocht chinntitheach chun feabhas a chur ar shásraí tacaíochta ar leibhéal an Aontais agus ar chomhar san Aontas, le hinstitiúidí poiblí maoinithe onnmhairiúcháin na mBallstát agus ina measc chun tacú go héifeachtach le hiomaíochas chuideachtaí an Aontais thar lear agus leasanna straitéiseacha an Aontais a chosaint.

2. Iomaíochas an Aontais

a. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur den ríthábhacht iad idirghníomhú agus comhar éifeachtúil cómhalartach idir ionstraimí maoiniúcháin san Aontas chun leasanna straitéiseacha agus geo-eacnamaíocha an Aontais agus iomaíochas a chosaint.

b. DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil na Ballstáit toilteanach leanúint dá n-iarrachtaí dlús a chur leis an gcomhar idir institiúidí ar an leibhéal náisiúnta a d'fhéadfadh breisluach a chur le gnó an Aontais.

c. MOLANN SÍ don Aontas modhanna comhair gasta solúbtha a bhunú le gníomhaireachtaí creidmheasa onnmhairiúcháin (GCOnna) an Aontais chun freastal ar riachtanais an mhargaidh.

d. AITHNÍONN SÍ acmhainneacht GCOnna an Aontais, a mhéid a bhaineann le hiomaíochas an Aontais a neartú agus caipiteal príobháideach a shlógadh do thosaíochtaí straitéiseacha an Aontais agus IARRANN SÍ go mbeadh creataí de chuid an Aontais ann ar féidir leo bonn taca a chur faoi thionchar GCOnna an Aontais agus tionchar na GCOnna sin a ghiaráil.

e. TACAÍONN SÍ leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh i dtreo uirlisí nua maoiniúcháin agus ráthaíochta ar leibhéal an Aontais, ar cheart iad a bheith simplí agus saincheaptha chun tacú le GCOnna an Aontais, agus breisíocht agus comhlántacht á soláthar do na córais náisiúnta atá ann cheana agus comhoiriúnacht á háirithiú le soláthar reatha an mhaoinithe phoiblí onnmhairiúcháin arna sholáthar ag GCOnna.

f. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an méid a rannchuidigh an Chomhairle i dtaca le príomhghnéithe agus príomhphrionsabail na gcreidmheasanna onnmhairiúcháin a chur san áireamh chun breisíocht na tacaíochta airgeadais phoiblí onnmhairiúcháin ar leibhéal an Aontais a áirithiú agus na huirlisí sin á gceapadh. MOLANN SÍ go mbeadh tuilleadh malartuithe agus comhair idir an Coimisiún agus an Chomhairle maidir leis an obair sin.

g. Athdhearbhaíonn sí tiomantas GCOnna an Aontais rannchuidiú leis an straitéis Global Gateway agus le beartais eile de chuid an Aontais a bhaineann le hiomaíochas domhanda an Aontais a mhéadú, chomh maith leis an ról a d'fhéadfadh a bheith ag maoiniú onnmhairiúcháin poiblí maidir leis na beartais sin a chur chun feidhme mar bhealach leis an ról ceannasach atá ag an Aontas a chaomhnú i ndáil le comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta inbhuanaithe a chothú a mbíonn tairbhí frithpháirteacha ag baint leo do thíortha comhpháirtíochta agus don Aontas.

h. DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI Mol Infheistíochta Global Gateway agus comhordú feabhsaithe uirlisí seachtracha airgeadais an Aontais. TACAÍONN SÍ leis na hiarrachtaí chun a áirithiú nach gcuirfidh tionscnaimh nua srian ar shamhail oibríochtúil na ngníomhaireachtaí creidmheasa onnmhairiúcháin ná ar an gcomhar atá ann cheana i measc GCOnna maidir le hiomaíochas ghnó an Aontais thar lear a áirithiú.

i. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart tacaíocht airgeadais ón Aontas do chur chun feidhme eacnamaíoch straitéiseach Global Gateway a bheith ar fáil freisin do GCOnna, ós rud é go bhfuil ról tábhachtach acu maidir le rannpháirtíocht earnáil phríobháideach an Aontais a shlógadh i margaí atá ag teacht chun cinn agus i ngeilleagair atá i mbéal forbartha, i gcomhréir le cuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais.

j. CUIREANN SÍ I dTREIS gur cheart tacaíocht airgeadais a chur ar fáil freisin do GCOnna chun beartais eile de chuid an Aontais a bhaineann leis an iomaíochas agus leis an ngníomhaíocht sheachtrach a chur chun feidhme, rud a léiríonn a phráinní atá sé go mbeadh earnáil phríobháideach an Aontais in ann seasamh i dtimpeallacht atá ag éirí níos ilroinnte agus níos iomaíche i margaí atá ag teacht chun cinn agus i ngeilleagair atá i mbéal forbartha.

k. IARRANN SÍ ar GCOnna an Aontais leanúint den chomhar a neartú agus d'infheictheacht a ngníomhaíochtaí comhcheangailte agus den bhreisluach d'ollstruchtúr airgeadais an Aontais a fheabhsú.

3 Cothrom iomaíochta domhanda

a. AITHNÍONN SÍ go bhfuil forbairt shuntasach tagtha ar thimpeallacht an mhaoinithe dhomhanda ó bunaíodh Socrú ECFE den chéad uair, lena n-áirítear i margaí atá ag teacht chun cinn agus i ngeilleagair atá i mbéal forbartha. Cé go n-aithnítear níos mó ná riamh a thábhachtaí atá sé maoiniú ón earnáil phríobháideach a shlógadh mar bhealach chun tacú leis an bhforbairt eacnamaíoch, tá téarmaí maoiniúcháin solúbtha neamh-thrédhearcacha á dtairiscint níos minice ag tíortha nach rannpháirtithe iad i Socrú ECFE (neamh-rannpháirtithe), rud a fhágann go bhfuil sé deacair dul in iomaíocht le tairiscintí atá bunaithe ar fhaisnéis neamhiomlán.

b. ATHDHEARBHAÍONN SÍ an gá atá le creat iltaobhach le haghaidh creidmheasanna onnmhairiúcháin a dtacaítear leo go hoifigiúil chun iomaíocht chóir d'onnmhaireoirí an Aontais a áirithiú agus meabhraítear di go gcuirtear ar fáil le ECFE fóram chun na disciplíní airgeadais le haghaidh creidmheasanna onnmhairiúcháin a leagtar amach i Socrú ECFE a choinneáil ar bun, a fhorbairt agus faireachán a dhéanamh orthu. DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI an plé a rinneadh in ECFE ar an gcaoi le dul i gcomhairle le neamh-rannpháirtithe i ndáil le saincheisteanna iomaíochais agus trédhearcachta.

c. MEASANN SÍ go bhfuil méadú ag teacht ar na dúshláin a bhíonn roimh Shocrú ECFE ó thaobh iomaíocht mhéadaithe ó neamh-rannpháirtithe agus ó thaobh cothrom iomaíochta do na rannpháirtithe ann a áirithiú.

d. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé Socrú ECFE a leasú chun go mbeidh sé ábhartha i gcónaí, agus aghaidh á tabhairt ar na dúshláin laistigh agus lasmuigh den Socrú araon.

e. AITHNÍONN SÍ, chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, nach mór don Socrú a chur ar chumas onnmhaireoirí an Aontais dul san iomaíocht ar bhealach níos éifeachtaí le neamh-rannpháirtithe agus nach mór feabhas a chur ar an trédhearcacht chómhalartach maidir le tacaíocht oifigiúil a bhaineann le trádáil nach dtagann faoi raon feidhme an tSocraithe.

f. CUIREANN SÍ I dTREIS gur cheart don Aontas a bheith ar thús cadhnaíochta i measc rannpháirtithe an tSocraithe ECFE sna hiarrachtaí an dara céim den nuachóiriú a thabhairt chun críche go rathúil agus in am trátha, d'fhonn aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin sin.

4. An t-aistriú aeráide agus an t-aistriú glas

a. AITHNÍONN SÍ an ról atá ag creidmheasanna onnmhairiúcháin a dtacaítear leo go hoifigiúil i dtaobh athrú in infheistíochtaí chuig tionscadail atá neodrach agus athléimneach ó thaobh na haeráide de a chur chun cinn agus tacú leis an athrú sin. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a phráinní atá sé gníomhaíocht bhreise a dhéanamh chun spriocanna fadtéarmacha aeráide agus comhshaoil an Aontais a bhaint amach, agus aithníonn sí an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag maoiniú onnmhairiúcháin, idir phoiblí agus phríobháideach, ar chur chun cinn an chláir oibre sin. ATHDHEARBHAÍONN SÍ an fhreagracht agus an tionchar atá ag creidmheasanna onnmhairiúcháin a dtacaíonn an tAontas go hoifigiúil leo i leith ghealltanas Chomhaontú Pháras an t-ardú teochta domhanda a theorannú go 1.5 °C, agus béim á leagan aici ar a thábhachtaí atá sé an comhar idirnáisiúnta a mhéadú, agus á chur i dtábhacht aici na deiseanna agus na tairbhí a eascraíonn as an ngníomhú ar son na haeráide. MOLANN SÍ go gcuirfeadh an tAontas lena rannpháirtíocht chun na spriocanna sin a shaothrú, ag tógáil ar an gcéad chéim de nuachóiriú Shocrú ECFE in 2023.

b. ADMHAÍONN SÍ gur gá beartais maidir le creidmheasanna onnmhairiúcháin a oiriúnú go leanúnach chun ailíniú le huaillmhianta aeráide an Aontais, le cleachtais maoinithe sheachtraigh agus le cumais ghnó agus iomaíochas an Aontais agus an fhianaise eolaíoch is déanaí agus an dul chun cinn teicneolaíoch á gcur san áireamh.

c. DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI na gníomhaíochtaí a rinne GCOnna aonair de chuid an Aontais agus a gcuid iarrachtaí comhchoiteanna tacaíocht creidmheasa onnmhairiúcháin a dtacaítear léi go hoifigiúil a thomhas agus a ailíniú le spriocanna aeráide fadtéarmacha an Aontais mar shampla gealltanais deireadh a chur go hoifigiúil le creidmheasanna onnmhairiúcháin do thionscadail san earnáil fuinnimh breosla iontaise[2] agus a bheith aeráidneodrach in 2050. DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI torthaí na chéad chéime de nuachóiriú Shocrú ECFE, lena gcuirtear ar chumas GCOnna dreasachtaí breise a chur ar fáil do thionscadail atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. MOLANN SÍ iarrachtaí leanúnacha comhair na GCOnna san Aontas agus lasmuigh de i ndáil leis sin.

---

[2] Eadhon tionscadail taiscéalaíochta, táirgthe, iompair, stórála, scagtha, dáilte guail, amhola, gáis nádúrtha agus giniúna cumhachta neamh-mhaolaithe.

d. TACAÍONN SÍ leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag GCOnna an Aontais deireadh a chur de réir a chéile le tacaíocht do thionscadail in earnáil an fhuinnimh breosla iontaise, dreasachtaí a chruthú le haghaidh tacaíocht fheabhsaithe do thionscadail atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus trédhearcacht mhéadaithe chun faireachán a dhéanamh ar an aistriú sin. GEALLANN SÍ go rannchuideoidh sí go rialta leis an tuarascáil dheonach trédhearcachta maidir le creidmheasanna onnmhairiúcháin a dtacaítear leo go hoifigiúil a soláthraíodh d'idirbhearta in earnáil an fhuinnimh, mar a rinneadh in 2025. MOLANN SÍ go ndéanfaí iarrachtaí leanúnacha níos mó rannpháirtithe ECFE chomh maith le neamh-rannpháirtithe a áireamh sa chleachtadh.

e. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go leanfaidh an tAontas dá chuid iarrachtaí athchóiriú a dhéanamh ar na creataí idirnáisiúnta lena rialaítear creidmheasanna onnmhairiúcháin a dtacaítear leo go hoifigiúil atá le hailíniú le cuspóirí aeráide agus comhshaoil an Aontais.

f. MOLANN SÍ do na Ballstáit an tacaíocht a thugann siad do thionscadail onnmhairiúcháin atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a mhéadú agus é mar chuspóir iomaíochas thairiscint an Aontais sa réimse sin a threisiú.

5. An Úcráin

a. AITHNÍONN SÍ an obair leanúnach atá á déanamh chun maoiniú poiblí onnmhairiúcháin a chur ar fáil ar leibhéal an Aontais, mar chuid den Chreat Infheistíochta don Úcráin agus mar chuid de Threoirscéim InvestEU um Chreidmheasanna Onnmhairiúcháin maidir leis an Úcráin atá á cur chun feidhme ag an gCiste Eorpach Infheistíochta.
TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur gá na ceachtanna a foghlaimíodh a chomhtháthú i gcreataí infheistíochta agus tacaíochta a bheidh ann amach anseo.

b. IARRANN SÍ go mbeadh na GCOnna rannpháirteach i gcónaí chun tacaíocht láidir bhuanseasmhach a chur ar fáil don Úcráin, lena n-áirítear trí chúnamh poiblí a bhaineann le maoiniú onnmhairiúcháin do ghnólachtaí de chuid an Aontais agus na hÚcráine araon.

6. Athléimneacht agus slándáil eacnamaíoch

a. CUIREANN SÍ I dTREIS an ról atá ag GCOnna maidir le rannchuidiú le hathléimneacht agus slándáil eacnamaíoch an Aontais trí thacaíocht chobhsaí a chur ar fáil do ghnólachtaí an Aontais, trí mhaoiniú poiblí onnmhairiúcháin a sholáthar chun cabhrú leo dul san iomaíocht ar théarmaí comhionanna ar fud an domhain agus faoi chuimsiú na gcreataí iltaobhacha.

b. AITHNÍONN SÍ an ról straitéiseach is féidir a bheith ag maoiniú onnmhairiúcháin poiblí, mar ionstraim maoiniúcháin, maidir le spleáchais a laghdú trí shlabhraí luacha éagsúlaithe, athléimneacha agus slána an Aontais a bhaint amach agus CUIREANN SÍ I dTREIS nach mór don Aontas agus dá Bhallstáit maoiniú onnmhairiúcháin poiblí a imscaradh agus a ghiaráil ar bhealach níos fearr ar mhaithe le soláthar slán inbhuanaithe amhábhar criticiúil agus ceannaireacht i dteicneolaíochtaí straitéiseacha, i gcomhréir leis an Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir le slándáil eacnamaíoch an Aontais a neartú[3].

c. Tráth seo na héagobhsaíochta domhanda agus ina bhfuil trádáil agus spleáchais á n-úsáid mar arm, CUIREANN SÍ I dTREIS a ríthábhachtaí atá sé go ngníomhódh an tAontas ar bhealach aontaithe i ndáil le maoiniú onnmhairiúcháin poiblí chun tacú le gnólachtaí an Aontais agus chun iad a dhaingniú.

---

[3] Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle dar teideal Slándáil eacnamaíoch an Aontais a neartú, an 3 Nollaig 2025, JOIN(2025) 977 final, an Bhruiséil, 3.12.2025